2024/2068

29.7.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2024/2068 ÓN gCOMHAIRLE

an 26 Iúil 2024

lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh (CBES) 2016/849 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2016/849 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2016 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2013/183/CBES ([1]), agus go háirithe Airteagal 33(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 27 Bealtaine 2016, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2016/849.

(2) An 7 Márta agus an 15 Aibreán 2024, chuir Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe ('UNSC') arna bhunú de bhun Rún 1718 (2006) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe nuashonrú ar an bhfaisnéis a bhaineann le dhá eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2016/849 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2016/849 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Iúil 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

BÓKA J.

([1]) IO L 141, 28.5.2016, lch. 79.

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2016/849, faoin gceannteideal ‘B. Eintitis’, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontrálacha 29 agus 54:

	Ainm	Ailias	Suíomh	Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe	Faisnéis eile
‘29.	National Aerospace Technology Administration (NATA)	ar a dtugtaí: National Aerospace Development Administration; ar a dtugtaí: NADA	DPDC	2.3.2016	Tá NATA rannpháirteach i bhforbairt na spáseolaíochta agus na spásteicneolaíochta in DPDC, lena n-áirítear lainseálacha satailíte agus roicéid iompróra.
54.	Ministry of National Defence	Ministry of National Defense; Ministry of Defence; Ministry of Defense; ar a dtugtaí: Ministry of the People’s Armed Forces (MPAF)	Pyongyang, DPDC	22.12.2017	Bainistíonn an Ministry of National Defence riachtanais ghinearálta riaracháin agus lóistíochta Arm Pobail na Cóiré.’

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/2068/oj